# Scéal, Scéal, Scéal...

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

12 Eanáir 2023 || Eagrán 129

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga

**Ba bhreá linn cloisteáil uaibh agus deis a thabairt daoibh bheith páirteach i *Scéal, Scéal, Scéal...* Tá fáilte 's fiche romhaibh altanna, scéalta, filíocht nó léirmheas fiú a réiteach agus a sheoladh chugainn don nuachtlitir, chuile sheachtain! Chomh maith le sin, cuireann muid fáilte roimh chomhfhreagras ón bpobal maidir le bealaí ar bith gur féidir linn cúnamh nó tacaíocht a thabhairt daoibh. Is féidir teacht orainn in Inis Fáil, sa Spidéal (trasna ón séipéal) nó ag 083 010 6294 nó optchoisfharraige@gmail.com**




# CLUB SCANNÁN SAILEANRA

Cuirfear tús le séasúr nua scannán i Sheanscoil Sailearna, Indreabhán, eagraithe ag Club Scannán Sailearna. Taispeánfar dhá scannán déag, ceann gach Déardaoin, idir seo agus an Cháisc, ag tosú ar an Déardaoin 19ú Eanáir le scannán greannmhar i Spáinnis (le fotheidil) darbh ainm 'Official Competition', le Penelope Cruz agus Antonio Banderas sna príomhpháirteanna. Tá eolas faoi na scannáin a thaispeánfar le linn an tséasúir ar an suíomh www.clubscannan.ie, áit a bhuil treoracha i dtaobh ballraíocht a fháil ar líne chomh maith: €35 atá ar bhallraíocht don tséasúr, nó €60 do bheirt agus le ballraíocht, tabharfar cead isteach don 12 scannán ar an liosta. Is féidir ticéad a fháil ar scannán faoi leith ar €8. Is féidir ballraíocht a cheannach ag an doras ar an gcéad oíche chomh maith.





# CRUINNIÚ POIBLÍ: COMHARCHUMANN SHAILEARNA

Tá cruinniú poiblí á reáchtáil ag Comharchumann Shailearna i Sheanscoil Sailearna ar an Máirt 24ú Eanáir 2023 @ 7:30i.n.
Tá an comharchumann ag iarraidh moltaí an phobail a fháil do Phlean Gníomhaíochta an cheantair feidhme atá faoina gcúram. Fáilte roimh chách.

# FOLÚNTAS: GAILLIMH LE GAEILGE

Tá Gaillimh le Gaeilge sa tóir ar Oifigeach Pleanála Teanga. Beidh an tOifigeach Pleanála Teanga ag obair ar thionscadail reatha na heagraíochta agus i gcomhpháirtíocht leis an bhfoireann, ag fobairt deiseanna nua chun cur le feiceálacht agus úsáid labhartha na Gaeilge a spreagadh sa chathair. Tá sé riachtanach go mbeidh ardchaighdeán Gaeilge agus Béarla, idir labhartha agus scríofa, ag an OPT. Beidh an duine a cheapfar lonnaithe in Oifig Ghaillimh le Gaeilge agus freagrach don Phríomh Fheidhmeannach & Bord Stiútha Ghaillimh le Gaeilge. Is féidir iarratas, chomh maith le CV a sheoladh chuig brid@gleg.ie roimh an Luan 23 Eanáir @ 5:30i.n. le cur isteach ar an bpost.




# FOLÚNTAS AG FÍBÍN SA TAIBHDHEARC

Tá post mar stiúrthóir ealaíne fógartha ag Fíbín. Duine spreagúil, fuinniúil agus thar a bheith eagraithe atá á lorg, a bhfuil taithí acu ar léiriú drámaí (taithí 10 mbliana ar a laghad), chun ról Stiúrthóir Ealaíne "Fíbín sa Taibhdhearc" agus níos faide anonn, a chomhlíonadh. Díreofar ar amharclannaíocht nua, láidir a chruthú, daoine oillte a dhéanfaidh a ndícheall ar son na cruthaitheachta sa Ghaeilge chomh maith le lucht féachana níos leithne le rannpháirtíocht níos mó a mhealladh. Le cur isteach ar an bpost, is féidir CV mar aon le litir chumhdaigh a sheoladh chuig eolas@fibin.com. Glacfar le hiarratais go dtí 26 Eanáir 2023.

# CLUB LEABHAR CHOIS FHARRAIGE

**Tiocfaidh Club Leabhair Chois Fharraige le chéile ar an 18 Eanáir Tigh Mholly ag 9 i.n. Oíche an-ghnóthach a bheas ann mar go mbeidh trí leabhar faoi chaibidil! B'éigean teacht le chéile na Nollag a chur ar athló de bharr seaca. Seacht dTír, Seacht dTeanga le Diarmuid Johnson a bhí ar an gclár don oíche sin. Beidh An Ghaeilge agus an Éiceolaíocht le Michael Cronin agus Tonn Teaspaigh le hAilbhe Ní Ghearbhuigh san áireamh freisin ar an 18 Eanáir. Cur síos atá i leabhar Dhiarmuid Johnson ar thréimhsí a chaith sé sa mBreatain Bheag, sa bPolainn, sa mBriotáin, sa nGearmáin, sa Romáin, sa mBeilg agus sa nGaeltacht in Éirinn. Tugann sé léargas dúinn ar dhaoine a casadh leis, ar chúrsaí saíochta, teanga agus ceoil agus é ag taisteal ó Chonamara go Varsá le breis is dhá scór bliain anuas.**

**Cíorann Michael Cronin cúrsaí athrú aeráide agus an nasc leis an nGaeilge sa leabhar An Ghaeilge agus an Éiceolaíocht. Muna mbeidh teacht againn feasta ar ár saíocht dúchais ar chúrsaí imshaoil, ní choinneofar dé in áitritheoirí an oileáin, seo dar leis an údar. Cnuasach filíochta é Tonn Teaspaigh le hAilbhe Ní Ghearbhuigh. Thug an díolaim seo duais filíochta an Oireachtais leis i mbliana agus bhronn Poetry Ireland duais ar an dán Litir ó Barcelona as an gcnuasach céanna. Pléann Ailbhe dúshláin agus lúcháir na banúlachta agus an mháithreachais i saol an lae inniu sa mbailúchán álainn seo agus tá aiste an-bhreá, an-ghéarchúiseach i dtús an leabhair ag Daniela Theinová, léachtóir in Ollscoil Shéarlais i bPrág. Is féidir na leabhra ar fad a cheannacht i Siopa Leabhar Chló Iar-Chonnacht ó thuaidh den Cheardlann sa Spidéal. Tá míle fáilte roimh bhaill nua sa gClub.**



# CRUINNIÚ EOLAIS

## Maoiniú ar son Athchóiriú Portaigh

**DÉ CÉADAOIN**
**18 EANÁIR**
**7PM - 8PM**

**AN CROMPÁN**
**AN CHEATHRÚ RUA**

Tabharfaidh ionadaithe ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra léargas ar an chóras maoinithe atá ar fáil chun cuidiú le húinéirí talún agus leis an phobal tabhairt faoi athchóiriú portaigh.

Tabharfaidh siad eolas faoin togra Wild Atlantic Nature, faoin tábhacht a bhaineann le bratphortaigh, agus faoi na bealaí inar féidir iad a athchóiriú.

arna óstáil ag Ciotóg & Comharchumann Mhic Dara

# LÁ POBAIL ÉIRECOMPOSITES

Beidh Lá Pobail á óstáil ag ÉireComposites ar an Domhnach 22ú Eanáir 2023. Beidh an imeacht ar siúl ó 2i.n. go dtí 4i.n., le cur i láthair cúig nóimead ó Phríomh Fheidhmeannach an Chomhlachta Dr. Tomás Flanagan, turas den mhonarchan i mBéarla agus i nGaeilge, sólaistí, agus gníomhaíochtaí do ghasúir aois 5 agus aníos. Beidh cuairteoirí in ann ceisteanna a chur, treallaimh den chéad scoth a fheiceáil, agus foghlaim faoi thionscadail taighde agus forbairt suimiúla atá ar na bacáin acu. Tabharfar deis don phobal an réimse uathúil páirteanna a dhéanann an comhlacht d'eitleáin a fheiceáil, chomh maith le satailítí, luaimh, tuirbíní gaoithe, diallaití marcaíochta agus níos mó. Beidh deis ag an bpobal taitneamh a bhaint as an gcultúr cairdiúil ann, agus foghlaim cén chaoi gur féidir leo ballraíocht a ghlacadh i gcomhlacht a théann i bhfeidhm ar thalamh, muir agus aer. Fáilte roimh chách. An-lá a bheas ann!



# FOLÚNTAIS AG AN ITT

**Fáiltíonn An Crann Taca/Ionad Tacaíochta Teaghlaigh, Indreabhán, Co. na Gaillimhe roimh iarratais do phost mar Bhainisteoir Cúraim Leanaí. Ní mór d'iarrthóirí taithí bainistíochta agus riaracháin a bheith acu, chomh maith le taithí sa réimse cúraim leanaí agus cáilíocht Leibhéal 6 nó níos airde i gCúram Leanaí (QQI/FETAC nó a chomhionann). Tá caighdeán maith Gaeilge riachtanach don phost. Tá an comhlacht ag lorg iarratas do phoist lánaimseartha & pháirtaimseartha mar oibrithe luathbhlianta chomh maith. Ní mór d'iarrthóirí cáilíocht Leibhéal 5 i gCúram Leanaí (QQI/FETAC nó a chomhionann) a bheith acu, agus taithí ar obair le páistí faoi bhun cúig bliana d'aois. Tá líofacht sa Ghaeilge riachtanach do na poist seo. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach glaoigh ar 091 399199 nó ríomhphost a sheoladh chuig ittcranntaca@ gmail.com**



# RANGANNA GAEILGE DO THOSAITHEOIRÍ

## (IRISH CLASS FOR BEGINNERS)

**Beidh ranganna Gaeilge do dhaoine fásta (tosaitheoirí) ag tosú arís go luath in Inis Fáil, sa Spidéal. Beidh ábhar an ranga dírithe ar fhoghlaimeoirí atá ag tosú, agus atá ag iarraidh an Ghaeilge a fhoghlaim agus a chleachtadh go rialta agus go sóisialta, faoi threoir teagscóra. Má tá suim agat ann, is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie ag 083 010 6294.** *(Irish classes for beginners will soon begin in Inis Fáil, sa Spidéal. The class material will be suitable for those wishing to begin their journey learning Irish. If interested, please call Katie at the number above.)*

# BUA SA DÍOSPÓIREACHT DO CHOLÁISTE CHROÍ MHUIRE

Comhghairdeachas ó chroí leis an dá fhoireann diospóireachta de chuid Coláiste Chroí Mhuire agus lena gcuid múinteoirí ar éirigh go hiontach leo sa díospóireacht le gairid. Bhí na foirne ag iarraidh áiteanna a ghnóthú i gCraobh na hÉireann a bheidh ar siúl ag deireadh Eanáir 2023 agus d'éirigh leo. Bronnadh duaiseanna aonair ar na cainteoirí ar fad a bhí páirteach sa Chraobh Réigiúnach, mar aitheantas ar a rannpháirtíocht sa chomórtas. Ar an bhfoireann shóisearach bhí Tomás Ó Neachtain, Caoilte Canny, Glaisne Mac Réamoinn agus Seán Óg Ó Fátharta (Múinteoir - Caitríona Ní Ghriallais) agus ar an bhfoireann shinsearach; Damhnait Ní Fhátharta, Labhaoise Ní Bhéarra, Eoin Ó Neachtain agus na taighdeoirí/ionadaithe Hannah Nic Fhlannchadha agus Caoimhe Ní Chualáin (Muinteoir - Tríona Uí Mhurchú).



